AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.7.2021
C(2021) 4987 final

ANNEX 7

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí ábhar agus cur i láthair na faisnéise le nochtadh ag gnóthais faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE a bhaineann le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus ina sonraítear an mhodheolaíocht chun an oibleagáid nochta sin a chomhlíonadh

{SWD(2021) 183 final}

IARSCRÍBHINN VII – KPInna gnólachtaí infheistíochta

ÁBHAR KPInna LE NOCHTADH AG GNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA

1. RAON FEIDHME KPINNA

Cumhdóidh agus dearfar nochtadh KPInna ar leithligh le haghaidh gach ceann de na seirbhísí a leanas a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid A, a ghabhann le Treoir 2014/65/AE:

(a) gníomhaíochtaí gnólachtaí infheistíochta ag déileáil ar a gcuntas féin, d'ainneoin arb iad na gnólachtaí infheistíochta na príomhthrádálaithe nó an bhfuil siad ag déileáil thar ceann a gcliant i gcomhréir le Cuid A, pointe (3), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE);

(b) seirbhísí agus gníomhaíochtaí gnólachtaí infheistíochta seachas ag déileáil ar a gcuntas féin i gcomhréir le Cuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE, cé is moite de phointe (3) den Chuid sin.

Eisiafar seirbhísí coimhdeacha a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE ó raon feidhme na nochtuithe.

Áireofar ar na seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta a chumhdófar sna ceanglais maidir le nochtadh faoi Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 agus faoin Rialachán seo:

(a) orduithe a ghlacadh agus a tharchur i ndáil le hionstraim airgeadais amháin nó níos mó;

(b) orduithe a fhorghníomhú thar ceann cliant;

(c) déileáil ar a chuntas féin;

(d) bainistíocht punainne;

(e) comhairle infheistíochta;

(f) ionstraimí airgeadais a fhrithghealladh agus/nó ionstraimí airgeadais a chur ar bhonn ceangaltais dhaingin;

(g) ionstraimí airgeadais a chur gan bonn ceangaltais dhaingin;

(h) oibriú MTF;

(i) oibriú OTF.

2. GNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA AG DÉILEÁIL AR A GCUNTAS FÉIN

Nochtfaidh gnólachtaí infheistíochta ag déileáil ar a gcuntas féin KPInna a leanas:

2.1. KPInna a bhaineann lena sócmhainní amhail:

– cion de na sócmhainní a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha incháilithe don Tacsanomaíocht laistigh d'iomlán na sócmhainní;
– cion de na sócmhainní a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ailínithe le Tacsanomaíocht laistigh de na sócmhainní a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha incháilithe don Tacsanomaíocht, agus
– cion de na sócmhainní a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ailínithe le Tacsanomaíocht laistigh d'iomlán na sócmhainní (GAR).

Le haghaidh KPInna a ríomh, déanfar an méid a leanas a bhreithniú:

2.2. Gnóthais infheistíochta arna mbreithniú

Áireofar le gnóthais infheistíochta arna mbreithniú gnóthais neamhairgeadais, gnóthais neamhairgeadais nach bhfuil faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2014/95/AE, gnóthais airgeadais agus gnóthais airgeadais nach bhfuil faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2014/95/AE.

Le haghaidh institiúidí infheistiúcháin atá faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2014/95/AE, úsáidfidh gnólachtaí infheistíochta KPInna a nochtfaidh institiúidí infheistiúcháin faoin Rialachán seo. Le haghaidh institiúidí infheistiúcháin nach bhfuil faoi réir Threoir 2014/95/AE, beidh feidhm ag Airteagal 8(3) den Rialachán seo.

2.3. Ionstraimí infheistíochta arna mbreithniú – sócmhainní

Le haghaidh ionstraimí infheistíochta, cumhdóidh ríomh KPInna urrúis fiachais, ionstraimí cothromais, coibhéisí airgid i dtreo institiúidí infheistiúcháin agus gach sócmhainn eile.

2.4. Modh ríofa

Maidir le ríomh GAR do sheirbhísí agus gníomhaíochtaí gnólachtaí infheistíochta ag déileáil ar a gcuntas féin, braithfidh gnólachtaí infheistíochta ar KPI láimhdeachais agus KPI CapEx gnóthas infheistíochta le haghaidh gach cuspóra comhshaoil.

Dearfar an t-uimhreoir mar luach na n- infheistíochtaí ualaithe ag comhréir na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ailínithe le Tacsanomaíocht le scagadh le haghaidh gníomhaíochtaí aistrithe agus cumasúcháin an ghnóthais infheisteora, is é sin de réir chion an láimhdeachais agus CapEx an ghnóthais infheistíochta a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ailínithe le Tacsanomaíocht.

Bunófar meánluach ualaithe na n-infheistíochtaí ar cion ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ailínithe le Tacsanomaíocht na n-institiúidí infheistiúcháin arna dtomhas ag an méid a leanas:

(a) le haghaidh institiúidí infheistiúcháin ar gnóthais neamhairgeadais iad, KPInna láimhdeachais agus CapEx mar thoradh ar ríomh KPInna na hinstitiúide infheistiúcháin i gcomhréir le hIarscríbhinní I agus II;

(b) le haghaidh institiúidí infheistiúcháin ar bainisteoirí sócmhainní iad, KPInna bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx mar thoradh ar ríomh KPInna na hinstitiúide infheistiúcháin i gcomhréir le hIarscríbhinní III agus IV;

(c) le haghaidh institiúidí infheistiúcháin ar institiúidí creidmheasa iad, an cóimheas sócmhainne glaise bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx mar thoradh ar ríomh chóimheas sócmhainne glaise na hinstitiúide infheistiúcháin i gcomhréir le hIarscríbhinní V agus VI;

(d) le haghaidh institiúidí infheistiúcháin ar gnólachtaí infheistíochta iad, infheistíochtaí agus ioncaim, mar thoradh ar ríomh KPInna bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx na hinstitiúide infheistiúcháin i gcomhréir le hIarscríbhinní VII agus VIII i gcomhréir le cion na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí ag déileáil ar a gcuntas féin agus nach bhfuil ag déileáil ar a gcuntas féin in ioncam an ghnólachta infheistíochta;

(e) le haghaidh institiúidí infheistiúcháin ar gnóthais árachais nó athárachais iad, infheistíochtaí, ollphréimheanna scríofa nó, de réir mar is infheidhme, ollioncam árachais, mar thoradh ar ríomh KPI infheistíochtaí bunaithe ar láimhdeachas nó bunaithe ar CapEx nó comhcheangailte, i gcás inarb infheidhme, le frithghealladh

KPI gnóthas árachais agus athárachais institiúide infheistiúcháin neamhshaoil i gcomhréir le hIarscríbhinní IX agus X.

Le haghaidh urrúis fiachais arna n-eisiúint ag gnóthas infheistíochta chun críche gníomhaíochtaí nó tionscadail shonracha a mhaoiniú, nó i gcás inar eisigh an gnóthas infheistíochta bannaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, déanfaidh gnólachtaí infheistíochta measúnú ar na hurrúis fiachais sin bunaithe ar cibé an maoiníonn nó nach maoiníonn siad gníomhaíochtaí nó tionscadail eacnamaíocha ailínithe le Tacsanomaíocht, ar bhonn na faisnéise arna chur ar fáil ag an ngnóthas infheistíochta.

De mhaolú ar an dara agus ar an tríú fomhír den phointe 2.4 seo, déanfar urrúis fiachais arb é is cuspóir dóibh gníomhaíochtaí sonracha nó tionscadail shonracha a mhaoiniú nó bannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de arna n-eisiúint ag gnóthas infheistíochta a áireamh san uimhreoir ar luach suas le le luach na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe le Tacsanomaíocht atá á maoiniú ag fáltais na mbannaí agus na n-urrús fiachais, ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an ngnóthas infheistíochta.

Le haghaidh an ainmneora, áireofar le hiomlán na sócmhainní na sócmhainní ar fad arna n-infheistiú ag gnólachtaí infheistíochta ar a gcuntas féin.

3. GNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA NACH BHFUIL AG DÉILEÁIL AR A GCUNTAS FÉIN

Nochtfaidh gnólachtaí infheistíochta nach bhfuil ag déileáil ar a gcuntas féin KPInna mar a leanas:

3.1. KPInna a bhaineann le hioncam, lena n-áirítear táillí, coimisiúin agus tairbhí airgeadúla eile, amhail:

– cion den ioncam ó sheirbhísí agus gníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha incháilithe don Tacsanomaíocht laistigh den ioncam iomlán ó sheirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta;
– cion den ioncam ó sheirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ailínithe le Tacsanomaíocht laistigh den ioncam ó sheirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha incháilithe don Tacsanomaíocht; agus
– cion den ioncam ó sheirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ailínithe le Tacsanomaíocht laistigh den ioncam iomlán ó sheirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta (GAR).

Le haghaidh KPInna a ríomh, déanfar an méid a leanas a bhreithniú:

3.2. Cliaint arna mbreithniú

Breithneoidh gnólachtaí infheistíochta cliaint ag fáil seirbhísí infheistíochta seachas seirbhísí chun déileáil ar a gcuntas féin agus seirbhísí coimhdeacha ar gnóthais neamhairgeadais iad agus gnóthais neamhairgeadais eile nach bhfuil faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2014/95/AE, gnóthais airgeadais agus gnóthais airgeadais eile nach bhfuil faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2014/95/AE.

Le haghaidh gnóthais infheistíochta atá faoi réir Threoir 2014/95/AE, úsáidfidh gnólachtaí infheistíochta KPInna a nochtfaidh gnóthais infheistíochta faoin Rialachán seo. Le haghaidh institiúidí infheistiúcháin nach bhfuil faoi réir

Threoir 2014/95/AE, beidh feidhm ag Airteagal 8(3) den Rialachán seo.

3.3. Modh ríofa

Le haghaidh gníomhaíochtaí gnólachtaí infheistíochta seachas déileáil ar a gcuntas féin, dearfar an t-uimhreoir mar mheán ualaithe an ioncaim (táillí, coimisiúin agus sochair airgeadúla eile) arna chothú ag an ngnólacht infheistíochta i ndáil le luach comhiomlán na ngníomhaíochtaí eacnamaíochta atá ailínithe le Tacsanomaíocht laistigh de ghníomhaíochtaí a gcliant. Beidh feidhm ag an modheolaíocht a leagtar síos i bpointe 2.4 den Iarscríbhinn seo.

3.4. Tuilleadh breithnithe

Tabharfaidh gnólachtaí infheistíochta le fios sna teimpléid na cuspóirí comhshaoil chomh maith le cineál na ngníomhaíochtaí, bídís ina ngníomhaíochtaí cumasúcháin nó ina ngníomhaíochtaí idirthréimhseacha.

Tarlóidh nochtuithe tar éis fáluithe agus fritháirimh ionchasacha a ghlanluacháil, d'ainneoin pé ionstraim a úsáidtear i gcomhréir le hAirteagal 3, míreanna 4 agus 5 de Rialachán (AE) 2012/236 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

[1] Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 maidir le díol folamh agus gnéithe áirithe de bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa (IO L 86, 24.3.2012, lch. 1).